Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1933

11.8.2026

**RIALACHÁN (AE) 2026/1933 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 13 Iúil 2026**

**maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal ([1]) ('an Comhaontú') agus an Prótacal maidir le Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2020-2026) ([2]) ('Prótacal 2020') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/2000 ón gComhairle ([3]). Chuaigh Prótacal 2020 in éag an 23 Feabhra 2026.

(2) An 23 Meitheamh 2025, d'udaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Séiséal ('na Séiséil') maidir le prótacal nua i ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus cuireadh inisealacha leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030) ('an Prótacal') mar thoradh uirthi.

(3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2026/1934 ón gComhairle ([4]), síníodh an Prótacal an 27 Iúil 2026, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí agus tá sé curtha i bhfeidhm ar bhonn sealadach ó síníodh é, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(4) Ba cheart na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal a chionroinnt ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(5) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta na Séiséal agus an ghá atá ann an t-am a chuirtear isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a mhéid is féidir.

(6) Déantar foráil le hAirteagal 19 den Phrótacal maidir le cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail ó dháta a shínithe chun gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais a cheadú. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030) a chionroinnt ar na Ballstáit mar a leanas:

(a) soithí peas-saighne tuinníní:

an Spáinn: 17 soitheach

an Fhrainc: 12 shoitheach

an Iodáil: 1 soitheach;

([1]) Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (IO L 60, 28.2.2020, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2020/272/oj).

([2]) Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2020-2026) (IO L 60, 28.2.2020, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2020/272/oj)

([3]) Cinneadh (AE) 2020/2000 ón gComhairle an 27 Samhain 2020 thar cheann an Aontais Eorpaigh, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus a phrótacal cur chun feidhme (2020-2026) (IO L 413, 8.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2000/oj).

([4]) Cinneadh (AE) 2026/1934 ón gComhairle an 13 Iúil 2026 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal (2026-2030) (IO L, 2026/1934, 11.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1934/oj).

(b) báid spiléireachta dromchla:

an Spáinn: 2 shoitheach

an Fhrainc: 4 shoitheach

an Phortaingéil: 2 shoitheach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 27 Iúil 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. HEYDON